GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2010
SEC(2010) 679

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN**

***ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA***

***Doiciméad a ghabhann leis an***

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa**

{COIM(2010) 289 leagan deireanach}
{SEC(2010) 678}

## 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

Dlúthchuid de Rialachán GRC (gníomhaireachtaí rátála creidmheasa) is ea córas maoirseachta seachtraí a thabhairt isteach trína ndéanfaidh rialtóirí Eorpacha maoirsiú ar éisiúint rátálacha creidmheasa na GRCanna[1]. Thug Rialachán GRC córas maoirseachta isteach atá bunaithe ar choláistí d'údaráis inniúla na mBallstát, córas a thugann an deis do na húdaráis inniúla ar fad lena mbaineann páirt a ghlacadh sa phróiseas clárúcháin agus maoirseachta a dhéantar i leith gníomhaireachta rátála creidmheasa nó grúpa GRCanna; ach is é údarás inniúil an Bhallstáit baile a dhéanann an cinneadh deiridh i gcónaí. Bhí creat maoirseachta GRCanna ar cheann de na hábhair ba dheacra le linn na gcaibidlí idir an Chomhairle agus an Pharlaimint, caibidlí ar tugadh i gcrích iad an 23 Aibreán 2009. Le tuarascáil De Larosière i Márta 2009 agus ina dhiaidh sin le Teachtaireacht an Choimisiúin an 27 Bealtaine 2009, cuireadh tús ar leibhéal polaitiúil leis an deis Gníomhaireacht Chomhphobail a chruthú a dhéileálfadh le saincheisteanna sa bhreis ar GRCanna. Tagraíodh cheana, sa chomhréiteach maidir le Rialachán GRC, don ghá athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha maoirseachta an Rialacháin agus na forbairtí nua ar leibhéal polaitiúil á gcur san áireamh. Athraíodh an cor le togra an Choimisiúin le haghaidh struchtúir maoirseachta nua san Eoraip lena mbunófaí trí cinn d'Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha. D'aontaigh an Chomhairle i mí na Nollag 2009 cumhachtaí díreacha maoirseachta ar GRCanna a thabhairt don chomhlacht nua an ESMA (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí)[2].

Ní hí an tseintimint pholaitiúil amháin atá i bhfabhar breis maoirseachta ón AE ar GRCanna, áfach. Tá táscairí láidre fíorasacha a léiríonn gur fearr a luífeadh cur chuige dá leithéid le sainiúlachtaí gnó na hearnála sin:

(i) soghluaiseacht na seirbhíse rátála, ar seirbhís í is féidir a sholáthar go héasca ó áiteanna éagsúla (e.g. anailísí Gearmánach a oibríonn do GRC Francach ina oifig i Londain agus a dhéanann rátáil ar cuideachta Iodálach);

(ii) iarmhairt trasteorann na rátálacha d'úsáideoirí atá lonnaithe lastall de theorainneacha geografacha na dlínse (e.g. d'fhéadfadh bainc i mBallstáit éagsúla rátálacha arna n-eisiúint ag GRC Seapánach a úsáid chun caipiteal riosca a ríomh).

Tá gníomhaíocht GRCanna an-difriúil ó ghníomhaíocht banc nó cuideachtaí árachais. Níl baint láidir ag an ngníomhaíocht leis an gcríoch ar a ndéantar í (ó thaobh láithreacht fhisiciúil nó gealltanas caipitil de) agus is féidir leis a bheith deacair a shonrú cad iad na hiarmhairtí do dhlínse ar leith a bhaineann le GRC ar leith.

---

1 Cuireadh Rialachán GRC in ionad cur chuige beartais a bhí ann roimhe sin maidir leis an méid sin. Faoin gcur chuige sin, bhí dualgas ar GRCanna forálacha uile Chód IOSCO a chorprú ina gcóid iompair. Níor shásaigh an cur chuige féin-rialaitheach sin na mianta a bhí leis áfach, mar lean na GRCanna é ar bhonn deonach agus is minic a bhain siad leas as an bprionsabal "comhlíon nó mínigh". Faoin gcur chuige sin, níor féadadh scrúdú domhain neamhspleách a dhéanamh ar an gcomhlíonadh a bhí ann dáiríre. Le tús na géarchéime airgeadais nochtadh laigí suntasacha sna GRCanna agus ina n-eagrúchán inmheánach, ina dtrédhearcacht agus maidir le coimhlintí bainistíochta iontu. Spreag na nithe sin beartas nua ón AE a bhí níos éilithí.

2 Féach Airteagal 6(3) de chomhréiteach na hUachtarántachta maidir le Rialachán ESMA (cur chuige ginearálta) arna chomhaontú ag ECOFIN an 2 Nollaig 2009 http://register.consilium.europa.eu/pdf/en/09/st16/st16751-re01.en09.pdf

Dá dheasca sin, agus cé nach bhfuil an creat maoirseachta a forordaíodh i Rialachán GRC i bhfeidhm go fóill, is féidir learanna áirithe a aithint cheana féin. Is iad seo a leanas na heasnaimh sin agus na príomhiarmhairtí a bhaineann leo do GRCanna agus maoirseoirí:

### *1.1.* Iliomad maoirseoirí páirteach ann agus baol easaontais faoi inniúlachtaí

Tá an creat maoirseachta casta – cuimsíonn sé (i) dlúthchomhar éigeantach idir údaráis inniúla agus (ii) gan cumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe a bheith á n-úsáid dáiríre ach ag roinnt de na húdaráis sin – agus struchtúraíodh é sa chaoi go n-áiritheofaí go mbeadh leasanna na maoirseoirí ábhartha ar fad léirithe ann agus curtha san áireamh ag na húdaráis a dhéanfadh an cinneadh deiridh. Ag an am céanna, níor mhór nádúr sonrach na gníomhaíochta rátála a chur san áireamh ann. Dá dhroim sin, níor leagadh síos na teorainneacha idir inniúlachtaí geografacha maoirseoirí go daingean, rud a chruthaigh deis do dhíospóidí laistigh den AE. Rud tábhachtach de, bheadh ar GRCanna idirghníomhú le roinnt údarás inniúil sa réimse céanna de dhroim na rogha beartais sin. Is é an fhadhb is mó a thagann de dheasca an choir sin an riosca go mbeadh easaontas ann faoi inniúlachtaí, easaontas a d'fhéadfadh bearnaí a chruthú (i.e. maoirseacht neamhéifeachtach); forluí (maoirseacht neamhéifeachtúil); nó arbatráiste/éagothromaíocht a chruthú.

### *1.2.* Riosca go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát Rialachán GRC a chur i bhfeidhm i ngníomhartha ar leith ar bhealach neamh-chomhsheasmhach agus éagsúil

Beag beann ar roinnt eilimintí a spreagann dlúthchomhar idir maoirseoirí aonair (e.g. obair i gcoláistí), tá an múnla atá ann faoi láthair do mhaoirseacht GRCanna bunaithe i ndeireadh na dála ar chleachtadh na gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe atá ag rialtóirí aonair sna Ballstáit. Is féidir le húdarás inniúil an Bhallstáit baile barúlacha a pháirtí sa choláiste a shárú. Is féidir le húdarás inniúil an Bhallstáit aíochta gníomh aonair a dhéanamh, gan formheas an choláiste ábhartha. Dá dhroim sin, is féidir go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát Rialachán GRC a chur i bhfeidhm i ngníomhartha ar leith ar bhealach neamh-chomhsheasmhach agus éagsúil.

### *1.3.* Próiseas riaracháin atá trom agus am-íditheach

Bheadh costais níos airde maidir le comhlíonadh ann do ghníomhaireachtaí rátála dá mbeadh orthu déileáil le roinnt údarás maoirseachta ar fud an AE. Ó thaobh na maoirseoirí de, táthar ag ceapadh gur ualach mór ar chumas chreat maoirseachta an AE torthaí tráthúla agus éifeachtúla a sholáthar a bheidh sna rialacha diana maidir le comhordú agus comhairliúchán, rialacha ar atoradh iad ar gach údarás leasmhar a bheith páirteach sa phróiseas maoirseachta agus forfheidhmithe[3].

[3] Mar shampla, d'fhonn beart maoirseachta a dhéanamh (úsáid rátála éigin a chur ar fionraí mar shampla), d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go dtabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra don choláiste agus d'éascaitheoir an choláiste, ansin go rachaidh sé i gcomhairle leis an gcoláiste maidir leis an mbeart atá beartaithe, agus murar féidir teacht ar chomhaontú ar bith go rachaidh sé i gcomhairle leis an CESR, agus leis an gcoláiste arís. Is i ndiaidh na n-atriallta sin amháin is féidir leis an údarás inniúil cinneadh a dhéanamh.

### *1.4.* Riosca nach bhfaighidh na páirtithe cuí na dreasachtaí cuí: an féidir le maoirseoirí náisiúnta déileáil leis an ngné uile-Eorpach a bhaineann le GRCanna?

Seans gur le dearcadh náisiúnta a d'fheicfeadh údaráis inniúla sna Ballstáit maoirseacht GRCanna, agus sa dóigh sin ní fheicfidís an scéal ina iomláine i.e. nádúr agus tionchar na gníomhaíochta a dhéanann GRCanna. Nuair atá an príomhthionchar a bhíonn ag GRC le sonrú lasmuigh den Bhallstát ina bhfuil sí cláraithe, bíonn an riosca ann nach leithdháilfidh an t-údarás inniúil baile dóthain acmhainní chun an GRC sin a mhaoirsiú. D'fhéadfadh sé coimhlintí a spreagadh i gcás ina mbeadh ar an maoirseoir baile inniúil, maoirseoir a mbeadh taithí aige ar a bheith freagrach as a mhargaí airgeadais baile agus cuntasach dá institiúidí polaitiúla náisiúnta, an phríomhfhreagracht a ghlacadh i leith gníomhaíochtaí GRC le tionchar uile-Eorpach a dhéanann difear go príomha do mhargaí airgeadais lasmuigh dá dlínse baile féin. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún agus an ESMA gníomhaíochtaí comhordaithe/forfheidhmithe a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a bheadh am- íditheach agus costasach, de dhroim na coimhlinte bunúsaí sin.

## 2. COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Ní féidir dul i ngleic go héifeachtach ar leibhéal na mBallstát leis na fadhbanna dá dtagraítear i roinn 1 ós rud é gur reachtaíocht an AE is trúig leo agus nach féidir dul i ngleic leo ach trí bhíthin athruithe ar reachtaíocht an AE. Measann an Coimisiún Eorpach go n-urramaíonn na réitigh a mholtar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, i bhfianaise sainiúlachtaí earnáil na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

## 3. CUSPÓIRÍ

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá leis an leasú ar Rialachán GRC: maoirseacht éifeachtach a áirithiú ar GRCanna san AE; cuíchóiriú a dhéanamh ar an struchtúr maoirseachta le haghaidh thionscal na GRCanna agus cinnteacht dlí a áirithiú le haghaidh GRCanna agus rannpháirtithe sa mhargadh. Ar leibhéal oibríochta, is iad seo a leanas na cuspóirí: (i) aonphointe teagmhála agus inniúlachtaí soiléire a áirithiú; (ii) cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú; (iii) méaduithe ar éifeachtúlacht a áirithiú agus (iv) a áirithiú gur fearr an chomhsheasmhacht idir na dreasachtaí d'údaráis maoirseachta chun déileáil le gníomhaíocht uile-Eorpach na n-eintiteas faoi mhaoirsiú.

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

D'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sa roinn roimhe seo a bhaint amach, rinne seirbhísí an Choimisiúin anailís ar roghanna beartais éagsúla:

### *4.1.* Rogha 1 - Status quo (Rialachán GRC atá ann faoi láthair)[4]

Is éard a bheadh i gceist leis an rogha seo príomheilimintí an tsocraithe maoirseachta atá ann faoi láthair a choinneáil, ar socrú é a comhaontaíodh i rith chaibidlí Rialachán GRC.

### *4.2.* Rogha 2 – Struchtúr coláistí agus an ESMA

Léiríonn an rogha seo an cás gur ghlac an Coimisiún Rialachán ESMA mar a bhí beartaithe an 23 Meán Fómhair 2009 agus gur coinníodh an creat maoirseachta a sholáthraíonn Rialachán GRC mar atá sé faoi láthair.

### *4.3.* Rogha 3 – déanfaidh an ESMA maoirseacht dhíreach ar ghrúpaí GRCanna nó ar gach GRC atá bunaithe san AE

De réir na rogha seo, d'athbhreithneofaí Rialachán GRC d'fhonn maoirseacht láraithe a thabhairt isteach maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa a oibríonn san AE. Ghlacfadh an ESMA inniúlacht ghinearálta maidir le hábhair a bhaineann le clárú agus maoirsiú leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe chomh maith le hábhair a bhaineann le rátálacha arna n-eisiúint ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá bunaithe i dtríú tíortha agus a oibríonn san AE faoi na córais deimhniúcháin nó formhuinithe. Bheadh sé i gceist leis na freagrachtaí sin bearta riaracháin a úsáid agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún maidir le húsáid pionós agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionósacha.

Tá dhá chás mhalartacha le sonrú laistigh den rogha leathan sin.

#### ***4.3.1.*** *Rogha 3a – GRCanna (grúpaí GRCanna) a bhfuil láithreacht dhlíthiúil acu i mbreis is Ballstát amháin*

Bheadh údarás an ESMA teoranta do mhaoirseacht ar GRCanna (grúpaí GRCanna) a bhfuil láithreacht dhlíthiúil acu i mbreis is Ballstát amháin.

#### ***4.3.2.*** *Rogha 3b - gach GRC atá bunaithe san AE*

De réir na forogha seo, ní bheadh maoirseoir eile ar bith seachas an ESMA ar GRCanna atá lonnaithe san AE. Thairis sin, laistigh den chreat seo, dá nglacfadh an ESMA cumhachtaí maoirseachta eisiacha ar GRCanna, thabharfaí údarás iomchuí don ESMA chun sáruithe ar an reachtaíocht a fhiosrú. D'fhonn go gcomhlíonfaidh an ESMA a chumhachtaí nua maoirseachta maidir le GRCanna, is gá foráil a dhéanamh do chumhachtaí chun pionós a ghearradh. Is gá a mheas, áfach, ar cheart pionóis a bheith faoi shainchúram na mBallstát nó ar cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún nó don ESMA pionós a ghearradh. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gcreat nua páirc imeartha chothrom a áirithiú san AE mar aon le cur i bhfeidhm comhsheasmhach pionós.

---

[4] Rogha í seo a leiríonn an creat maoirseachta faoi Rialachán GRC atá ann faoi láthair agus tá a fhios againn nach mbeadh an rogha seo réalaíoch dá dtiocfadh an ESMA i bhfeidhm ag tús 2011 faoi mar atá beartaithe. Sa chás sin, beidh cumhachtaí breise ag an ESMA a mbeadh iarmhairt acu freisin dá ról maidir le clárúchán agus maoirseacht GRCanna. Mar sin féin, measaimid go bhfuil sé tábhachtach tagairt a dhéanamh do Rialachán GRC atá ann faoi láthair i gcáil cás bonnlíne ós rud é nach bhfuil damhna an Rialachán ESMA a bheidh ann amach anseo go hiomlán follasach (go fóill) agus go háirithe ós rud é nach bhfuil sé follasach conas a chuirfí Rialachán GRC atá ann faoi láthair in oiriúint dó Tugaimid tuirisc faoi rogha 2 ar chás féideartha d'fheidhmiú Rialachán GRC atá ann faoi láthair faoin gcreat ESMA (a bheidh ann amach anseo).

## 5. NA ROGHANNA A ANAILÍSIÚ AGUS A CHUR I gCOMPARÁID

Déantar measúnú ar na roghanna éagsúla i bhfianaise na gcritéar aonphointe teagmhála agus inniúlachtaí léire, cur i bhfeidhm comhsheasmhach, méaduithe ar éifeachtúlacht agus réim leormhaith an údaráis maoirseachta.

I bhfianaise na gconclúidí ar ar thángthas sa mheasúnú iarmharta, measann an Coimisiún Eorpach é a bheith iomchuí togra a thíolacadh lena leasófar Rialachán GRC. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an togra na fadhbanna dá dtagraítear sa mheasúnú iarmharta a réiteach:

– trí bhíthin cumhachtaí maoirseachta eisiacha ar GRCanna a thabhairt don ESMA. Tabharfar cumhachtaí don ESMA chun faisnéis a iarraidh, fiosrúcháin a sheoladh, agus iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh. Dá mba ghá, d'fhéadfadh an ESMA cúnamh rialtóirí náisiúnta um urrús a éileamh i gcomhair na ngníomhaíochtaí maoirseachta sin. D'fhéadfaí cúraimí maoirseachta sonracha a tharmligean chuig na rialtóirí sin (e.g. éisteachtaí, iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh), ach an fhreagracht fhoriomlán a bheith ag an ESMA i gcónaí as na gníomhaíochtaí sin.

– trí bhíthin cumhachtaí pionóis a thabhairt don Choimisiún, ag gníomhú dó ar iarraidh ón ESMA, laistigh de chreat beacht atá le forbairt trí ghníomhartha tarmligthe. Déanfar pionóis, lena n-áirítear fíneálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionósacha, a shainiú sa dóigh a dtabharfaidh siad freagairt chomhréireach ar sháruithe aonair agus a mbeidh tionchar díspreagtha acu. Áireofar na nithe seo a leanas sa Rialachán: liosta de sháruithe ar fhorálacha Rialachán GRC ar féidir iad a fhorfheidhmiú trí fhíneálacha i gcás inar ghníomhaigh an GRC d'aonghnó nó go faillíoch.

## 6. ANAILÍS AR NA hIARMHAIRTÍ

Léirítear sa mheasúnú iarmharta gurb iad na roghanna dá dtugtar tosaíocht ná maoirseacht dhíreach an ESMA ar gach GRC atá cláraithe san AE agus na cumhachtaí pionóis a lárú sa Choimisiún, a ghníomhódh ar mholadh ón ESMA.

| **Buntáistí** | | **Míbhuntáistí** | |
|---|---|---|---|
| 1 | Próiseas cinnteoireachta cuíchóirithe – gan easaontas faoi inniúlacht | **1** | Ba ghá an cumas maoirseachta a thógáil as an nua |
| 2 | Gan riosca go gcuirfí dlí an AE i bhfeidhm go neamhleanúnach ar fud na mBallstát | **2** | Bheadh ar GRCanna déileáil le maoirseoir de chuid an AE (gan céim idirmheánach ar bith) |
| 3 | Méaduithe soiléire ar éifeachtúlacht – sheachnófaí nósanna imeachta comhordaithe atá trom agus comhthiomsófaí saineolas in aon eagraíocht amháin | | |
| 4 | Bheadh dearcadh, cumas agus sainordú an mhaoirseora ag luí le réim uile-Eorpach na bpríomhghníomhaithe | | |
| 5 | Páirc imeartha chothrom maidir leis an tionchar díspreagtha agus cur i bhfeidhm lán-chomhsheasmhach pionós ar fud an AE | | |

Ós rud é gurb é aidhm an tionscnaimh seo maoirseacht ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa a chuíchóiriú, is féidir a thairbhe féideartha a léiriú leis na himpleachtaí costais a bhain leis an ngéarchéim airgeadais, ina raibh páirt nach beag ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Fiú mura gcuirtear i leith gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ach mionchuid de na caillteanais dhíreacha agus indíreacha a bhí ann de dheasca na géarchéime, is léir go mbainfeadh tairbhe ollmhór le córas maoirseachta a bheadh éifeachtach agus éifeachtúil.

## 7. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

Caomhnóir an Chonartha is ea an Coimisiún agus, dá bhrí sin, déanfaidh sé monatóireacht ar conas a chuireann an ESMA an Rialachán maidir le GRCanna chun feidhme. D'fhéadfaí an mheastóireacht a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le cur i bhfeidhm an bhirt reachtaigh trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an bhirt reachtaigh, i bhfoirm tuarascála ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint an hEorpa.